



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Ceol agus amhránaíocht
Author(s)	Ó Laoire, Lillis
Publication Date	2013
Publication Information	Lillis Ó Laoire (2013) 'Ceol agus Amhránaíocht' In: Sealbhú an Traidisiúin. Dublin : Comhairle Bhéaloideas Éireann (Four Courts).
Publisher	Comhairle Bhéaloideas Éireann (Four Courts)
Item record	<a href="http://hdl.handle.net/10379/5665">http://hdl.handle.net/10379/5665</a>

Downloaded 2024-05-21T21:23:34Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



- Black, Ronald, 2001. *An Lasair: anthology of 18th century Scottish Gaelic verse*. Edinburgh.
- Bombaugh, Charles Carroll, 1890. *Gleanings for the curious from the harvest-fields of literature*. Philadelphia.
- CBE: Cnuasach Bhéaloideas Éireann.
- Hartmann, Hans, Tomás de Bhaldraithe, Ruairí Ó hUiginn, 1996. *Airneán: eine Sammlung von Texten aus Carra. Co na Gaillimhe*. Tübingen.
- Karpf, Anne, 2006. *The human voice*. London.
- Mac Corraídh, Seán, 2010. *Seán Bán Mac Grianna, scéalta agus amhrán*. Baile Átha Cliath.
- Mac Giollaínnáil, Seán, 1941. *Annála beaga ó Iorras Aithneach*. Baile Átha Cliath.
- Mac Siftigh, Tomás, 1984. *Paróiste an Fheiréaraigh. Stairseanachas an cheantair i dtéarmaise an Ghorta Mhóir*. Baile Átha Cliath.
- Ó Catháin, Máirtín, 1948. *An Bhrón Broghach*. Baile Átha Cliath.
- Ó Ceannabháin, Peadar, 2011: 'An samhradh sa bhfuacht idir Nollaig is Caisc: spleáchadh ar fhilíthe in Iorras Aithneach san 19ú céad' in *Blairinis 10*, eag. Ruairí Ó hUiginn, Liam Mac Cóil. Maigh Nuad. 147-68.
- Ó Ciosáin, Éamon, 1993. *An tÉireannach 1934-1937: páipéar sóisialach Gaeltachta*. Baile Átha Cliath.
- Ó Concheanainn, Tomás, 1978. *Nua-dhuanairé III*. Baile Átha Cliath.
- Ó Máille, Míchéal, Tomás Ó Máille, 1991?. *Amhráin chlaime Gael*.
- Indreabhán (an chéad eagrán, Baile Átha Cliath 1905).
- Ó Scarcaigh, Ióseph, 1976: *Ceolai agus seanachas le Seaghan Bán Mac Grianna*. Rann na Feirste.
- Uí Laoi, Áine, 1992. *Cuimhni ceoil*, CIC 077. Indreabhán.
- Uí Oigáin, Ríonach, 2002: 'Is í an fhilíocht anam an cheoil': Sorcha Ní Ghnairín, amhránaí Roisín na Mainneach' in *Blairinis 2002*, eag. Ruairí Ó hUiginn, Liam Mac Cóil. Maigh Nuad. 84-107.

Sealbhuí an Spairdiswáin

Mearn Ní Shingheoil

Meadhbhín Ní Mhedail

Ríonach Uí Éigáin

Cenlaice Bheáldaear

Uí Ceann

BHC 2013

## CEOLAGUS AMHRÁNAÍOCHT

LILLIS Ó LAOIRE

Is iomaí sin ceist a mhúscalaíos an amhránaíocht a bhaineas do cheol agus d'fhocail araon (Breannach 1981, 102), agus nach féidir a fhreagairt faobh istigh d'aiste ghaireid den chineál seo. Ar cheann de na ceisteanna is sunnuita, tá sealbhú an traidisiúin, ar fú go mór aird a dhíriú uirthi. Is é atá i gceist agan a dheanamh mar sin, sül a chaitheamh ar an amhránaíocht mar chleachas cultúrtha comhainseartha, ag díriú m'airde go háirithe ar phobail éagsúla a bhfuil baint acu leis an amhránaíocht ar thóigh amháin nó ar thóigh eile. Ansin bhéartaídh mé spleáchadh gearr ar chúra stairiúil na hamhránaíochta, go háirithe ar an bhaint atá aici le nósmaireachtaí an lae inniu. Cuid d'argóint na haiste seo gur gné dhlísteannach de léam na n-amhrán an láithriú, mar a bheirim féin ar *performance*, nó an taibhléiriú mar a thugtar air chomh maith, gona modhanna iompar agus na béasa a chluimsíos sé sin.

Is ionann amhrán a láithriú agus amhrán a sheachadadh. Is ionann go minic é agus amhrán a shealbhuí. Is dóigh liom gur fáda atá léam na Gaeilige agus an Bhéaloídis in Éirinn araon gan dul i ngleic leis an ghné seo den amhránaíocht. Cuid de na cúiseanna atá leis sin go bhfuil na disciplíní i bhfóistí i bparaidm stairíochta, agus go bhféachtar orthu go minic mar dhá dhlísteannach ar leith. Ní hé gur cur chuige lochach é sin as féin, go dtéimhin, i bhfanaisé chuid den taighde spreagúil atá ag teacht amach le domán blianta. Ach de bhar go gcotháionn sé fíor áirithe tuiseana agus go dtugtar pribhléid dó sin ar neamhchead d'fhíora eile, tá an chontúirt ann go n-éireoidh sé calcha, agus, dá réir sin, nach n-admhófar bailíocht tuiscintí difriúla, sin nó go n-imleallófar iad. I gcás na hamhránaíochta, ciallaíonn dearcadh a chuiras béim ar an láithriú nach mar iansmaí ó ré a gcomtha amháin is ceart féachaint ar na hamhráin, ach go bhfuil siad, b'fhéidir, ar an chuid 'is bistúla agus is bríomhaire den oidhreacht liteartha' faoi láthair (Ó hUiginn 1999), agus, dá bhritin sin, gurb airí orthu go ndéanfaí staidéar ar a mbeatha láithreach, ar chomhbhonn urraime lena mbeatha chaite.

Sa chéad chás de, mar sin, agus an spríoc seo romham amach, caithefidh mé sül ar an téarmaíocht a chluimsítear le cúrsaí glóir, agus déanfaidh mé léirmhíniú ar cheangail áirithe a fheicim idir gnéithe éagsúla di. Ag éirí as an scrúdá ar théarmaíocht an cheoil, beidh aird le tabhairt ar bhrí an fhocail *ceart*, agus ag fás as sin, ar bhrí na malairteachta i measc leaganacha béil agus a gcoibhneas le leaganacha scríofa agus go háirithe le leaganacha clóite. Dearcár chomh maith ar nósín choiteanna den leanúnachas san amhránaíocht ón tseanamsir anuas go dtí ár linn féin.

Tá an amhránaíocht ina cuid bhunúsach d'oidhreacht na Gaeilige, in Éirinn agus in Albain. Tá sí ar an chuid sin is mó a aithnítear i gcomhthéacs idirnáisiúnta pobaila, agus a bhfuil de reacaireacht á dhéanamh ag bannaí ceoil ar amhrán Ghaeilige do lucht éisteachta i dtíortha an domhain mhóir le blianta beaga anuas. Cé go bhfuil sé ceisithe go géarchúiseach ag Breandán Ó Buachalla (1998), agus an chuma ar an scéal go dtugann sé

tús áite don léitheoireacht aonair thar aon *performance*, is féidir a rá chomh maith, go bhfuil baint ag an amhránaíocht le dioscúrsa acadúil na Gaeilge, agus i ndáiríre, go bhfuil sí i measc na ngnéithe is lárnai den traidisiún sin. I gcás na hAlban, filíocht lena ghabháil le fonn ceoil a bhí i bhformhór na véarsaíochta a cumadh go dtí an fichid haois (McKean 1997). Níl an scéal chomh soiléir sin in Éirinn agus seans nach chun a channta a cumadh *Chírt an Mheán Oíche*, mar shampla, agus dánta fada eile dá short. Theastróid taighde breise le dul amach ar an cheist sin, agus is díol suime sa chás seo an plé atá ag Pádraigin Ní Uallacháin ar an dán fhada *Marbhna Airt Óig Uí Néill* agus ar an cheol a théid leis (2003, 265-72). Mar sin féin, tugtear ar an lámh amháin go raibh ionad tábhachtach ag an cheol in aithris roinnt mhaith den fhilíocht, rud a chuireas na focail a úsáidtear ar an véarsaíocht in iúl. Ar an lámh eile tá oiread débhrí i gceist leis an bhriathar ‘can’ i nGaeilge na hÉireann go háirithe. Mar sin, ní féidir a bheith cinnte an raibh tois an cheoil i gceist in aithris na filíochta. Fós féin, is dóigh le Bruford (1990, 61-2) go mbeadh ciall leis mar bhí, agus, lena chois sin, go ndéalaiom an Béarla an chaint agus an aithris cheolmhar ó cheile ar bhealach i bhfad níos soiléire.

#### *Amhránaíocht - fréamha haitha*

Tá baint ag an fhocal *amhrán* niamh le ceol agus le filíocht, ceangal a théid siar go dtí an t-aonú haois déag ar a laghad de réir cuma (Breathnach 1981; Breathnach 1983). Is cosúil go raibh tionschar láidir ag meadarchaí na n-íomann Laidne ar mheadarchaí na hamhránaíochta sna meánaoiseanna. Scéal cinnte go bhfuil siad go mór níos sine ná na samplaí atá againn díobh sa séú haois déag. Cé go raibh siad faoi bhun mheas na bhfilí mar aisí, i gcomparáid le meadarchaí gradamacha, duaisnuilleacha an dána dhirigh, is dóigh gur de thairbhe an cheoil féin a mhair siad mar chuid den tsráidéige a chleachtaí chomh maith leis an ardfhíliocht sa tréimse sin. Ní fhéadfaí bheith ag storeisíochtaí le dánta adhmholta ar an taoiseach agus ar a ghaisce, dar ndóigh, dá thábhachtaí iad mar uirfis pholaitiúil. Níl aon chinnteacht againn cén cineál foimn a bhíodh le dánta bolscaireachta dá leithéid, ach go bhfuil an tuairim láidir ann i measc scoláirí, go gcaithfeadh sé go raibh leanúnachas éigin ann idir foimn na laoithe Fíannaíochta a mhair isteach i ré na dtaifadtaí fhuaimne in Éirinn agus a mhair níos láidre arís in Albain (Machnes 1986-7). Saorchanúaireacht nó *revitative* a bhí i gceist leis an chineál seo foimn, agus tá léiriú maith ar shamplaí Éireannacha agus Albanacha ón traidisiún béil le fáil ar *Scéalamhráin Cheilleacha* (Shields, Sealy, Goan 1985).

Tá roinnt samplaí eile d’fhoimn den aicme sin againn a bailíodh as an traidisiún béil chomh maith agus ar mheadarchaí amhrán a chuirtear leo, mar shampla *Marbhna Dhoinmchailtha Bhaile Aodha Mag Carthaigh* le Seán Ó Murchú na Ráithneach (1700-62) agus *Tuireamh Mhic Inín Dubh* le Diarmaid na Boigai Ó Sé († 1845) (Ó Madagáin 1978; Breathnach 1981). Tá *Tuireamh Mhic Inín Dubh* le cluinisín ar an cheirimín *Bruach na Carráige Baine* le Diarmuid Ó Súilleabháin (1995), cé gur dóigh gur ó leagan Pheig Ní Dhonnchadha i mbaillúchán Freeman (1920-1, 200-3) a tháinig sé chuigsean, trí thionschar

an Riadaigh b’fhéidir. Sampla maith é, dar ndóigh, den trasnail sin is dual do chuiste bheo na filíochta agus an cheoil san amhránaíocht.

Sampla eile a bhfuil cáil bainte amach aige, an leagan cumasach den amhrán *Úna Bhan* le Tomás Láidir Ó Coisdealbha, atá ag Máire Áine Ní Dhoinmchadha (1919-91) ar an cheirimín *Deora Aille* (1970) agus a fhuair sí ó bhean chomharsan di, Máire Ní Chofaigh, (1876-1960) bean Uí Scánláin, arb as Ceantar na nOileán ó thús di (Mac Con Iomaire 1999). Fonn cantaireachta é sin chomh maith a bheir leide eile dhinn gur féidir leanúnachas fada a mhaíomh i leith na hamhránaíochta, agus a chuireas in iúl gur gné stairiúil agus gné chomhainseartha cultúir iad san am chéanna. Ní hé atá mé a chur chun tosaigh gur bhí ionann an fonn sin agus an ceann a cuireadh leis an amhrán ó thús, ach i bhfianaise na ndánta eile atá luaithe agam thuas, is díol spéise an ceangal idir an véarsaíocht agus an cineál seo ceoil. Is é Breandán Ó Madagáin (1981) a dhírigh aird ar na sainréithe a bhaineas leis an cheol áirithe seo ar dtús, á mhaíomh gur léirigh struchtúr agus gabháil an fhoimn cineál eile ceoil nárbh ionann agus amhrán. Thaispeáin sé cosúlachtaí le cineálacha eile fonn a raibh an creatalach céanna acu — raon cúng nótaí agus dúnaid (*cadence*) ag tiim nó ag isliú iontu. Léirigh sé go bhféadfaí cuid de dhánta Aochagáin Uí Rathaille († 1729) a rá le foimn dá sórt fosta (Ó Madagáin 2000, 96-9; Ó Madagáin, 2005). Is buillí faoi thuairim iad na hiarrachtaí seo ‘imaginative reconstruction by a scholar-musician,’ (Bruford 1990, 63). Is cineál cluiche bleachtaireachta iad ag iarraidh rud a chur ar fáil nach bhfuil againn a thuilleadh agus is obair fhínteach í. Spreagann na hiarrachtaí machnaimh i leith an cheoil agus na filíochta mar aonad, agus muraib iad an focal deireanach iad sa diospóireacht, níl aon amhras ná go ndéanfáir tuilleadh taighde sa ghort seo dá mbar.

Tá fréamh an téarma *amhrán* le fáil san insint ar ghabháil Chlanna Míle ar Éirinn, nuair a chanas Amhairghin, agus a ainm féin tábhachtach sa chás sin (Ó hÓgáin 2006, 11), an brioíocht draíochta. Dar ndóigh, ba chuid de reitric bholscaireachta fuil na meánaoiseanna a bhí sa scéal seo lena ngradann féin sa tsochaí a chur chun cinn. Bhí cuid mhór de chumhacht na daoiseach ag brath ar an reitric chéanna sin. Is fíú a thabhairt faoi deara, i gcás dhuana Amhairghin, gur i *ría* an dáin a luós a chumhacht, is é sin, nár tuingeadh go mbeadh an cumas céanna i leagan scríofa. Sa chomhthéacs seo fosta, ba chóir a lua gur i rá an dáin mholta os comhair an taoisigh a measadh a bhí an foilsíú ceart air (Bruford 1990, 61). Is tréith i tábhacht na haithrise atá le tabhairt faoi deara i móran cultúr a bhfuil ionad láidir ag an fhilíocht bheil iontu, mar atá dearbhairte ag Lord (1960), ag Finnegan (1977), ag Ong (1982) agus ag scoláirí eile ó shin (Miles Foley 2002). Barber (2007), Denvir (2010). Léiríonn scéal Amhairghin mar sin féin, gur measadh gur mód cumhachtach a bhí in aithris na filíochta agus nárbh é an ceol a thiontaic an véarsaíocht ba fíú tábhacht sa chás sin. Tá cuntais sa litríocht de chumhacht an cheoil ann féin mar mheán (Ó Fíannachta 1976; Buckley 1997). Cuirtear Buckley in iúl gur tuingeadh gur fórsaí tábhachtacha reitriciúla iad an ceol agus an chaitaireacht agus gur baineadh leas astu le go gcuirfí iúl-eolaíocht na Criosataíochta chun cinn i díoscach a ré. Chomh maith leis sin, tráchtann Ó Fíannachta (1976, 11) ar an tuiscint gur comhartha síochána agus cairdis a bhí sa ghuth bhinn thréan. Ó tharla go leagtar béim ar fheabhas an ghutha mar spreagthóir síochána agus muinítearais, b’fhéidir

gur mhaith an mhaise dhinn é a léithéid de leidi a chuartú sa chineál friotail atá in úsáid i gcónaí le cur síos a dhéanamh ar an amhránaíocht.

#### *Tuiscint na hamhránaíochta - eochair na teanga*

Mas doiligh a rá gur mhair an tuiscint ar ghlór ceoil an duine mar chomhartha cairdis agus síochána i gcultúr na Gaeilge annas go dtí ár linn féin, ina dhiaidh sin, is dóigh liom gur fíú stairéar a dhéanamh ar chuid de théarmaíocht na teanga féin le ciall áirithe den chineál seo a nochtaidh. Mhair nóisean chumhacht an fhile agus a chuid filíochta i measc mhuintir na tuaithe (Ó hÓgáin 1981), ach ní thagraíonn sé sin go cinnte don ghuth daonna. Mar sin féin, b'fhéidir go bhfuil leidi áirithe againn a bhéarfás le fios dhinn go bhfuil eochair na ceiste seo le feiceáil sa teanga féin, agus is fíú grimstraidéar a dhéanamh ar chuid den téarmaíocht a bhaineas do chúrsaí cailtinnh ainistre, lena thabhairt chun solais.

Ar cheann de na focail is coitianta a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar cheol amhráin, tá an fhocal *guth*. Is ionann *guth* a chur le hamhrán agus é a rá le ceol. Is dóigh liom gur díol suime é go n-úsáidtear an focal céanna ar an ghlór daonna, gan chúrsaí ceoil a chur san áireamh ar chor ar bith. Annas air sin, dar ndóigh, úsáidtear an focal *form* ar an rud céanna, is é sin ceol a chuirtear le hamhrán. Ar bhealach, mar sin, tá gaol gairid ag an dá fhocal seo le chéile sa chás sin. Ag tógáil ar an ionannas sin, tá sé feidhmiúil, is dóigh liom, cialla eile an fhocail *form* a chur san áireamh sa chás seo fosta. De réir fhoclóir Uí Dhonnail, ciallaíonn *form*: (1) bunús nó disraith (iasacht ón Laidin *fundus*); (2) an ceol a chuirtear le hamhrán; (3) an mian a thig ar dhuine rud a dhéanamh. Focal eile atá gaolmhar do *form* (3), dar ndóigh, is ea *diul*. Tá mhinne agam in áiteanna eile (Ó Laoire 1999; Ó Laoire 2002) a thabhaíocht agus a bhí coincheap na dúile do sheachadadh agus do láithrín na n-amhrán i dtOraigh, i gCo. Dhún na nGall. Ba í sin an mhian go díreach a spreag tógáil na n-amhrán ina measc síúd ar speis leo iad, gníomh a bhí lonnaithe sa chorp agus a chuirfí i gcrích go fóirghasta uaireanta. Thigeadh dúil i nduine amhrán a shealbhu agus le méid na dúile sin, is minic a d'éireodh le duine an t-amhrán a bheith aige gan é a chluinstin ach uair nó dhó. Chomh maith leis sin, mhairteadh cuimhne an duine ar ócáid sin an spreagtha mar chuid de scéal a bheatha agus de mhóimintí deifhídeacha a shaoil (Ó Laoire 2002, 87-108). Ní i dtOraigh amháin a tharláíodh a leitheid. Féach an cuntas a thugtar ar an amhránaí Bríd Ní Dhonnchadhá (fl. c. 1875-1925) as Barr Roisín i Ros an Mhíl in *Peadar Chois Phairge* (Mac Giollarnáth 1944, 15-16):

Thosúigh sí ag gabháil fhoimn... Níor fhan fear ná bean sa teach gan éirge agus a gcuid éadaí a chur orthab... Is mó fonn goil a bhí orthab ná gáire mar bhí a glór chomh buadharta sin. Ní raibh cuime ar bith le Bríd Ní Dhonnchadhá.

Measaim go dtig ceangal bunúsach a ríomh anseo idir na téarmaí *diul*, *form* agus *guth*. Ar dhóigh, díríonn siad ar ghnéithe éagsúla den chleachtas a bhfuil mé ag caint air - seachadadh agus láithrín amhrán i bprobail a bhfuil a léitheid d'iompar tábhachtach iontu. Cuireann na

téarmaí *diul* agus *form* béim ar an toil dhaonna agus ar a lonnaithe agus atá sé sin sa chorp, rud a gcuirtear béim air sa téarma *guth*. Is ionann iad, mar sin, go pointe áirithe.

Tá níos mó ná sin i gceist mar sin féin. Ní thig dúil ag duine in amhrán nó go ndeirtear os ard é, is é sin nó go gceantar an t-amhrán lena fhom. Is fórsa é an guth daonna atá, nach mór, chomh láidir le céadfa an mhothaithe féin (Zuimhor 1990, 5-6). Is le limn ghabháil an amhrán a bhualleas fórsa an cheoil an t-éisteoir i gceart, rud, b'fhéidir, a mhíonos an téarma *gabháil*, is é sin go mbíonn idir cheoltóir agus éisteoir gafa sa láithrín a dhéantar ar an amhrán. Ach cailtíocht an t-amhrán a bheith i ndiaidh a ráite de réir combhinsín áirithe a mbíonn an té atá ag éisteacht ag súil leis, de réir aeistéirice áirithe, más cóir an téarma sin a úsáid.

I dhraidsiún na Gaeilge, in Éirinn agus in Albain, cailtíocht an t-amhrán a bheith 'ceart' (Shaw 1992-3, 42; Ó Laoire 2002, 109-40). Is é sin, mar atá dearbhairthe ag Breandan Ó Buachalla (1998), agus é ag leanúint Ross (1959), gur ar an aithris chruinn a bhíos an meas, go ndéanann an t-oirfide reacaireacht dhilis ar fhocail agus ar cheol, de réir mar a thuigtear é sin i bprobail ar leith. An gabháil nach gceolíonn leis na tuiscintí comhroinnte seo, milleann sí an t-amhrán; bíonn an t-amhrán, i dtéarmaí thuasceart Dhún na nGall ciotach, nó mícheart, agus ní bhualleann aon mhian an t-éisteoir an t-amhrán a shealbhu. Fíú más ann don mhian sin, cuirtear faoi smacht i mar go dtuigtear nach bhfuil an t-amhrán áirithe iontaofa sa láithrín atá a dhéanamh air. Ní hamháin, mar sin, go gcaithfidh *diul* faibhrú san éisteoir le hamhrán a shealbhu nó a thógáil, cailtíocht an *diul* chéanna a bheith i bhfostú san amhránaí, rud a thuigeas dream an cheoil go maith. Ionanníonn amhránaíthe an dúil sin le *brí* agus le *mysneach* i rá an amhráin (Ó Laoire 1999, 100; Ó Laoire 2002, 43). Gan na tréithe seo a bheith ag an amhránaí sa láithrín beidh an t-amhrán leamh, gan aon mhóthúchán agus ní chuirtear aon suim ann.

Anois, b'fhéidir go sílfí go bhfuil mé ag déanamh scéal an ríon de rud atá an-simplí, ach is maith is fíú ard a dhírú ar an phróiseas seo ó tharla go bhfuil an léirmhíniú meafraich le baint as téarmaíocht na teanga féin ina leith. Tá mé den tuairim go bhféadfá a mhaíomh go nochtann a leitheid de scrúidí, tuiscint fhoilaithe atá i bhfostú sa teanga féin ar a bhunúsai is atá an guth sa duine, mar dhúshraith, mar uirlis cheoil agus mar spreagthóir nó mar chatalaíoch i leith na *diule*, rud, b'fhéidir, a chuirteas in iúl nach ann don amhránaíocht i gceart gan an *form* nó i bhfocal eile, an *diul*. Dar ndóigh, is fíú ceangal a fheiceáil fosta idir an téarma *brí* agus an téarma *ídar* sa chás seo. Úsáidtear iad araon mar téarmaí le cur síos a dhéanamh ar na scéalta a chuirteas fránaíocht thagairtha ar fáil don amhrán, ionas gur féidir suíomh stairiúil, cinnte nó samhlaíthe, a sholáthar do na véarsaí. Mar atá tugtha faoi deara ag Shields (1993), is minic a bhíos sé an-deacair a dhéanamh anach a bhfuil ar súil in amhrán ó na véarsaí féin, de thairbhe gur go hindíreach a thagairtear in amhráin Ghaeilge go minic don aiceas an atá ag tim amach iontu. Is ansin a mós daoine a léirmhíniú pearsanta féin ar an chomhfhóir áirithe friotail in aon téacs ar leith ag cruthú réalachta de chuid na haigine nó na samhlaíochta seachas ceann atá bunaithe ar fhíríocht stairiúla (Shields 1993). Ó tharla go n-úsáidtear na téarmaí *scéal*, *brí* agus *ídar* ar an chineál seo léirmhíntithe, is féidir, is dóigh liom, léamh a dhéanamh a mhafós go bhfuil fórsa na hinsíntre san amhránaíocht gaolmhar don scéal nó don bhrí. Mar bhreis air sin, tá

siad muinteartha fosta, mar atá míniúche agam, don *dúil* agus don *honn* agus thiar thall don *ghuth*. Ceanglaíonn na tagairtí sin an ceol agus an scéaltaíocht dá chéile. Mar sin, is coimhleasc casta téarmaíochta atá i gceist anseo, agus is dóigh liom go dtugann sé léargas dhinn go bhfuil próiseas an tsacaidla i bhfad níos casta ná mar atá measa againn cheana.

Caithefar a rá, dar ndóigh, gur cuid lárnach i cáiltíocht an ghutha féin sa taimneamh a bhaineas éisteach as amhrán. Níl sé éasca cur síos ar na cúrsaí sin go teibí trí mheán na teanga, ach luann daoine an tréith sin i gcónaí nuair a bhíós díospóireachtaí ar siúl. *Guth cinn* an téarma is minice a chuala mé i dtír Chonall ar seo, mar shampla, agus is díol suite me chomh maith na tagairtí ar fad a dheanas Tomás Ó Crommhain (1855-1937) den cháiltíocht seo ina chuid scríbhinní, agus an chumhacht a bhraith sé inti (Ó Háinle 1985; Ó Háinle 2008). Is cinnte mar sin, gur aithníodh agus go n-aithnítear i gcónaí daoine thar a chéile as feabhas a ngutha ceoil agus gur imir sé sin tonchar ar an stádas a d'éirigh leo a bhaint amach mar oifrídigh ina bprobail féin. Chuala mé cosúlacht mholtach á dheanamh go minic i dtOraigh idir an guth dáonna, go háirithe guth fí, agus an phlób. Is dóigh liom féin gur féidir cosúlachtaí den chineál sin a shamhlú le guthanna na móramhránaíche fear go léir san fhicín haois, mar atá, Labhrás Ó Cadhla (1889-1961), Aodh Ó Duibheanagh (1914-84), Seosamh Ó hÉanaí (1919-84), Darach Ó Catháin (1922-87), Nioclás Tóibín (1928-94), gan ach cuid acu a lua. Cara mór leis an phobair Willie Clancy (1918-73) a bhí in Seán 'Ac Dhonnchadha (1919-96), agus bhíodh seisean d'aon turas ag déanamh aithrise ar fhuaim na bplób ar mhéid is a bhí meas aige ar chuid ceoil Clancy (Ó Canann 1978, 74). Is dócha gurb é atá i gceist an tsronaí áirithe sin a dhugtar an *neá* (Breathnach 1989, 156; Williams, Ó Laoire 2011) i mBearla ar uaireanta, a bhféadfaí, b'fhéidir, é a shamhlú le 'gráinnín an ghutha' nó 'the materiality of the body speaking its mother tongue' mar a chuir Roland Barthes (1996, 46) síos air. Tá focail eile air seo, gan amhras, mar atá, 'ailleog' nó 'uail', a bhfuil na tuiscintí céanna iontu, dar liom.

Nuair a deirtear, mar sin, go bhfuil béim sa Ghaeilge ar reaceireacht dhiflis, tá an claonadh ann a mhéas nach bhfuil i gceist ach focail agus ceol a fhoghlaim de ghlanmheabhair, agus a aithris glan díreach mar a fuarthas iad gan cor ná lób a chur iontu. Ó tharla nach 'cumadóireacht sa láithriú' atá i gceist mar a bhí i gceist i samhail Lord (1960), meastar nach mbíonn ag feidhmiú ach an chumhne ionstraimneach i ngníomh an tsealbhaíche, gan aon rian de phearsantacht nó de thoil an ghníomhaí a bheith i gceist. Tá mar a bheadh scoil dhénártha idir cruthaitheacht agus easpa cruthaitheachta atá ceangailte go docht le modhanna foghlama. Ní dóigh liom gur mar sin a fheidhmíós cúrsaí, i ndáiríre, ná ní dóigh liom ach oiread go gcuideom a leithéid de dhearcadh agus sin ag iarraidh tábhacht na hamhránaíochta do lucht a chleachta a thuiscint. Is é a mhaíon féin, le mo scrúduitú agus le mo léirímhíniú ar na téarmaí atá i gceist thuas, go bhfuil, go cinnte, gné chruithaitheach i gceist le seachadadh, is é sin, le rá agus le sealbhú agus le láithriú amhrán, d'áinneoin gur ar chrúinneas focal a bhítear ag díriú, de réir idé-eolaíocht an traidisiúin. Mar sin, is dóigh liom gur gníomh cruthaitheach atá san aithris agus is gníomh cruthaitheach atá sa sealbhú, a mhúnláítear, gan amhras, de réir idé-eolaíocht an chultúir ina bhfuil siad neadaithe. Cuidíonn an dúil a bhíós ag an cheoltóir sa phíosa a roghnaíós sé le rá, a intinn a choinneáil ar an tasc atá le cur i gcrích, is é sin, an t-amhrán a ghabháil le

ceol ó thús go deireadh gan oiread agus síolla a chailleadh. Cuidíonn an dúil, is é sin, an taimneamh coirp agus intinne a fhaigheas ar té as an láithriú, cuidíonn sí leis an *bhrí* agus leis an *mhíseach* a bhíós riachanach a chur san amhrán. Mar sin, ar an láthair sa suíomh beo, gan duilleog, lámhscríbhinn nó leabhar ar na gaobhair le dul ina mhúinín i gcás an amhráin nó an dearmaid, i gcás na héiginnteachta nó na cúlthailleachta, is cruthaitheoir an t-amhránaí, a chuireas i láthair an t-amhrán go beacht, sásúil, críochnúil d'éisteachóir a bhfuil a fhios acu cé leis a bhfuil siad ag déim. Is conradh é eatarthu agus is é dúshlán an láithreora gan brachán a dhéanamh den ghníomh.

Baineann an láithriú go loigheicúil leis an aimsir láithreach. Ní bhíonn ag láithreoirí ach seans amháin ar an amhrán a rá ó thús go deireadh, is é sin an t-am líneach a smachtú lena n-ácmhainn coirp agus samhlaíochta, ionas gur féidir tús, lár agus deireadh ordúil a fheiceáil ina ngníomhaíocht. An té a n-éiríonn leis ord an ama a chur droim ar ais, is é sin, go mbíonn an tús á chur in iúl leis an deireadh agus an deireadh leis an tús, tá gníomh dearta curtha i gcrích aige; tá bua na beatha thar an bhás cinntithe aige lena splanc oifíde, ionas go dtug idir chaithe, láithreach agus fháistineach le chéile in aon aimsir láithreach shínte amháin, os coimne, agus mar sháru ar, chomtráirachtaí an ama. Is bunaidhm de chuid na healaine i sin agus is cinnte gur bunaidhm de chuid na scéaltaíochta í. Is féidir a mhaíomh na healaine i sin agus is cinnte gur bunaidhm de chuid na scéaltaíochta í. Is féidir a mhaíomh gur ealaín inste atá san amhránaíocht, ainneoin nach go díreach a insteair na scéalta in amhráin faoi leith go minic. Nuair a ghabhtar amhrán, déantar cumasc iomlán d'eachtraí amhráin faoi leith go minic. Nuair a ghabhtar amhrán, déantar cumasc iomlán d'eachtraí agus de théama an scéil sa ghabháil, agus cruthaítear tuiscint stairiúil ar chúrsaí ama i soliantacht an téama sin. Sin í an chúis a mbíonn gradam díle dóibh siúd a bhfuil an cumas sin iontu agus an chúis a gcáinteair iad siúd nach sroicheann an spríoc. Má dhearbhaíonn an dea-láithriú an tuiscint, an solas agus an bheatha, géilleann an drochláithriú don laige dhaonna, don ainbhíós agus, go meafarach, don bhás. Nuair a bhromas an pobal gradam amhránaí mhóir ar aon oifíde, de bharr a fheabhais leannaigh ag gabháil agus ag láithriú amhrán, tá an pobal céanna ag tabhairt aithneantais dá chumas an leibhéal is arde a bhaint amhrán, tá an pobal céanna ag tabhairt aithneantais dá chumas an leibhéal is arde a bhaint amach i láithriú an chaitimh aimsire. Is ómós eiticúil é an t-údarás sin agus, cé gur gradam faoi mhargáil é fosta, a bheir stádas speisialta éigin don duine, ní chealaíonn sé a sheasamh sa phobal mar ghnáthduine.

Tá na tuiscintí meafaracha seo, mar a deirim, i bhfolach agus i bhfostú sa teanga, sna téarmaí thuas *guth*, *fonn*, *dúil*, *bri*, *misneach*, *údar*, *scéal*, an t-iomlán acu ag díriú, san úsáid chomhtheacsúil a bhaintear astu, ar an *cheart*, de réir mar a thuigtear é sin sa phobal áirithe atá i gceist, agus an úsáid a bhaintear as an teanga ann.

#### *Cearta i ngleic lena chéile*

Ní sa bhéal beo amháin is féidir a léitheid de mhalarú agus de chlaochlú a fheiceáil. Sa stairdear atá déanta aici ar an téacs *Cath Cliana Tarbh*, mar shampla, léiríonn Meidhbhín Ní Úrdail ahruibe agus leasruibe, méaduithe agus cionnuithe, i dtéacs scríofa ó thosach a ré ag tús an ochtú haois déag isteach san fhicín haois i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Chuir gach scríobhaí agus, go deimhin, gach glúin ruid éigin leis an scéal ag brath ar a ndearcadh

lieartha, aeisistéitíúil agus polaitiúil. Áitíonn Ní Úrdail, agus tagaim léi ar an cheist seo, gur gá dinn glacadh le gach leagan den sceal mar ghlíomhu combhiosach cruthaitheach ina cheart féin, seachas a bheith ag cur béime ar an leagan is luaithe amháin. Nuair a dhéantar é sin, tagann ceist an tseachadta agus an tsealbhaithe féin chun tosaigh mar abhar inspéise (Ní Úrdail 2011, 90-102). Is léirithe maith é ar shloibhthacht agus ar bhriomhaire an traidisiúin lámhscríbhinní agus ar a chóngrar is atá dearcadh cultúrtha i leith téacsanna scríofa dá mhacasamhail sa traidisiún béil. Tacaíonn an tuairim seo go maith le dearcadh Uí Chadhlha a áitíonn go ndearmadh barracoirt deghilte idir an béal agus an scríobh de bharr rangú agus charagóirí docha an léinn (Ó Cadhlha 2011, 15-30).

Mar is léir ó mo thagarú do sheachadhadh an téacs *Cath Ciwana Tarbh*, failtim roimh an dearcadh a áitíonn coilíromas i leith leaganacha éagsla de théacs, agus nach dtugann príbhleíd faoi leith d'aon leagan thar a chéile. Dúitíonn an cur chuige seo do cheart absalóideach, stairiúil na lámhscríbhinní mar a bhíodh i gceist ar feadh i bhfad. Sa chás sin, is ar an fhocail *absalóideach* is mian liom béim a leagan. Caigneáin acadúil a bhíom á éileamh de réir na tuiscena céanna atá os cionn an amhráis a shúlas go rómhínic le leaganacha atá ag imeacht sa traidisiún béil, agus gan buansaemhacht ar bhí ag baint leo, i dtéarmaí an chlaighdeáin chéanna sin. Déantar dhá dhisciplín ar leith de léam an bhealoidis agus de léam na Gaeilge i gcás mar sin, measaim, rud a chruthaíonn scoilt bhéagach idir an leanúnachas orgánach atá, i ndáiríre, idir an ghné scríofa agus gné an bhéil den litríocht, den fhilíocht bhéil agus den amhránaíocht go háirithe.

De réir an dearcadh áirithe seo, tugtar príbhleíd agus ceannas don leagan eagraithe scríofa: máirear gur leagan 'deifnídeach' é, rud, dar liomsa, a cheileas a gceart ar chineálacha eile ghlíomhaíochta i leith an traidisiúin. Tá cuid den scaradh seo fréamhaithe sa traidisiún féin, dar ndóigh, mar a chuireas tuairimí Chathail Uí Chonchubhair san ochtú haois déag in iúl faoi chumna na ndaoine ar fhocail a thógáil i gceart. Dar leis-sean is 'corruption' a bhí ar siúl ag an chosmhuintir de bharr gur ó chlhuais a bhí siad ag tógáil na bhfocal. B'ag an scríbhneoireacht a bhí an ceannas dar leis (Ní Mhuinghaile 2007, 45-6). Ach má bhí adhrúithe sna lámhscríbhinní agus athruithe sa bheal beo, is míniúil an té a déarfadh gur 'truailliú' a bhí i gceist i gcónaí san urlabhra agus gur 'ceart' a bhí i gceist le breacadh an fhocail ar páir.

Saibhríonn an scoláireacht an t-eolas atá ag an phobal trí théacsai eagraithe, néata a chur ar fáil a bhunaítear ar raon leathan foinisí. De thairbhe chunhacht an fhocail scríofa, glactar leo sin go minic mar théacsanna ortadósacha, mar atá léirithe ag Breandán Ó Buachalla (1998) i gcás *Cainneadh Airt Uí Laoighaire*. Dá thairbhe sin, tá an tuiscint ann gur lú de mháith iad téacsanna béil, cé go ngéillítear uaireanta go bhfuil a dtábhacht thánaisteach féin leo. Sampla iontach den saibhríú atá i gceist agam atá sa leagan den chruósántacht *Seachrán Chearbhaill* atá ar an cheirnín *Mo chuid den saol* le Peadar Ó Ceannabháin (1997). Bhunaigh sé an ceol ar an leagan a fuair sé ó Sheosamh Ó hÉanaí, agus ar na focail atá in *Amhráin chláinne Gael* (Ó Máille, Ó Máille 1991, 94-6).

Is sceal casta amn féin é nach féidir díriú air anseo, an tionschar a d'imir duanairí éagsla a cuirfeadh i gcló in imeacht na mblianta ar an bhealaireacht. Ní hé atá mé a mháilomh nach bhfuil áit bhunúsach ag cnuasaigh aitheanta amhráin i gceomhránú agus i gcothú na n-amhráin,

ach go measaim nach é an *t-aon* cheart aonghnéitheach amháin iad, agus gurbh éagóir mhór ar thraidisiún atá chomh hligthubhach, hifúdarásach, go mbrúifí a léitheid air.

Is é an ceart atá i gceist agam, mar sin, an ceart sin a ndéantar margáil air go háitiúil, i measc amhránaíche agus seanchaithe a bhfuil údarás óna bprobail acu den chineál atá luaithe agam, agus a shantais an gradam a théid leis sin, ionas go ndearcam siad orthu féin mar shealbhoirí agus mar ghardaí an údaráis sin. Ní údaráis gan cheist a bhíos amn mar sin féin. Beidh an dara hinsint ann i gcónaí agus i ina dúshlán ag an chéad cheann, ag brath ar cén taobh den díospóireacht a seasann daoine. Is dóigh liom gur éilimint thábhachtach sa ghlíomhaíocht sin ceart na dtéacsanna scríofa, ach go mainn arís nach é an t-aon cheart amháin é. Sa chás go mbíom níos mó ná amhránaí amháin i bprobail a nglactar leis go ginearálta mar phríomhamhránaí a phobail, ceist é an mbeidh an *ceart* go síoraí faoi mhargáil, agus daoine áirithe á gcur féin chun cinn mar cheannuiraithe air. Nuair a ghluaisítear taobh amuigh de phobal amháin agus a théitear isteach i bprobail eile, aithríonn an ceart arís. B'fhéidir nach ionann friotal an amhráin, nó b'fhéidir nach ionann ar fad na véarsaí. Tá seans an-mhath amn i gcás an dara pobail go mbeidh ord na véarsaí difriúil nó go mbeidh véarsaí breise nó difriúla sa leagan d'aon amhrán atá acusan, nó, go deárfa, go mbeidh cinn ar iarraidh. Seans maith go mbeidh difríochtaí móra nó beaga san fhonn. Leanann an cás mar sin ar aghaidh ó phobal go pobal. De thairbhe shoghluaisiteach na gceathrúna sna hamhráin féin, agus de thairbhe gur líon teoranta go maith d'fhoimn bhunaidh a chuirtear leo, is dlúthchuid díobh an mhalaireacht seo, agus ní de thaisne amháin a tharlaíós sé seo.

Ní dhearcaimse air seo ar fad mar thruailliú, mar go bhfuil cúis an-chinnt leis. Seasann cóiriú ar leith véarsaí, friotal agus foimn, measaim, ar bhealach, mar shiombaíl ar shainitheantais an phobail féin. Nuair a bhí Dubhghlas de hÍde ag crúinniú amhrán, chuir sé an éagsúlacht seo síos do luainmeacht iníne agus do easpa 'réasún' an Ghaeil, tuairimí a bhí bunaithe ar Arnold agus ar Renan, agus a bhí forleathan i measc lucht an léinn sa téimhse sin (Ó Conaire 1986, 113-14). Ach ba sin cuid den chúis a bhí leis, go ndearna sé difríocht, mar a rinne na céadta míonchomhartha eile i saol laethúil na ndaoine, idir iad féin agus an dream eile ba chongaraí dóibh. Ba shiombaíl í a tharraing agus a bhuanáigh an cirtíoch a bhí idir teaghlaigh, bailte, leathpharóistí agus paróistí, agus a choimnígh brí i ndioscúrsa na n-amhrán seo. Más bríocht nó ortha dhraíochta a bhí i ndán Amhairgín a dhearbhaigh ionannú an fhille le hoileán na hÉireann, is féidir a mhaláimh go mbíom féidhm dá léitheid ag an cheart logánta a áir dhúchais féin a dhearbhu do lucht a chothaithe i náisiún na mbailte fearainn. Ba é ceart na clainne a bhí i gceist ar an bhaile féin, ceart an bhaile níos faide amach ná sin arís agus mar sin ar aghaidh, mar shraith de bhoscáí Símeacha, mar atá ráite ag Kevin Whelan (1993, 5-13). Sholátharaigh a léitheid de choimcheap ábhar díospóireachta, cablaid agus argóna, pobal amháin teann as a mbarúil gurbh acusan a bhí an leagan ceart agus ag damnu rud ar bith nár chloigh lena slat tomhais féin mar rud a bhí millte, ciotach, mícheart, agus a geomharasana agus a gcéillí tomaiochta ar an ealaín chéanna, focal a úsáidim d'aon ghnoithe anseo. Is é sin, ba é sin ba bhun, le cleachtadh na healaíne, agus an tréith chomórtasach chun tosaigh inti.

Cuirteam Máirtín Mac Donnchadha síos go míon agus go páirteanta ar stair agus ar

sheanchas *Amhrán na Trí Báine*. Ríomhtar an ceangal dlúth atá idir é agus tuiscint an phobail sin ar féin. Fuair daoine ina measc loch ar leagan Sheosainmh Uí Éanaí den amhrán chéanna mar nach raibh na sonraí stairiúla i gceart sa leagan a thairfead seisean de. I mbarúil an phobail sin, bhí sé dlire dóibh go ndéanfadh amhránaí a raibh gradam agus stádas faoi leith aige, cúram níos mó d'fhrici stairiúla an amhráin (Mac Donnachadha 2001, 104-27). Is cás ar leith é sin dar ndóigh, ar an ábhar gur féidir a chinntiú go measartha crúim in aghaidh na gcapéisí stairiúla cé na haimneacha a bhí i gceist. Ach ní raibh an chaipéisíocht sin ar fáil do Ó hÉanaí gan amhras, agus níorth ar an locht faoin méid sin. Is cás é chomh maith a léiríonn na ceangail sin a rinne mé níos luaithe idir *guth, fonn, dúil, brí, misneach, údar* agus *scéal*, mar gur léir dom, go bhfeictear iad sin ag teacht amach go soiléir i léargas Mháirtín Mhic Dhonnachadha ar an amhrán. Ní ar mhaithe leo féin sa chás sin atá na fríci fábhachach, ach go mbeinneann siad le féintuiscint stairiúil an phobail, lena dhuiscint féin ar a scéal fálhu féin, agus gur gníomh méiticiúil é a leithéid a chur i gcontúirt, mar a mheastar atá déanta ag amhránaíthe nach bhfuil údar an amhráin i gceart acu. Cruthaítear agus dearthaítear an dáimh idir an stairsheanchais, an ceol, an pobal agus an ceantar dúchais san amhrán iontach sin, agus is sárshampla é den chumasc sin ar fad. Bheir Appadurai 'áirgeadh na háitluchtacha' ar na straitéisí seo agus léiríonn sé gur gnásanna agus nósanna iompar iad a fhaightear i bpobail bheaga ar fud an domhain. Maíonn sé gurb é atá iontu, 'complex social techniques for the inscription of locality onto bodies'; tá siad fogair agus ní mór iad a chothú go círamach mar gurb é an spríoc agus an toradh a bhíonn orthu 'the production of "natives"' (1996, 179). Ní i gcónaí i gcás na n-amhrán a bhíonn siad ina n-áirde na gcaipéisí ar fáil nó go gcuimítear údar nó brí an amhráin, ach ní chuireann sé sin daoine ó chur nó ó chúiteamh. Go dearta, b'fhéidir gurb amhlaidh a ghéaraíonn sé an iomaíocht, ar an ábhar gur féidir le páirtithe éagsúla na hargóna bheith ag maíomh as réaltacht a leaganacha féin, agus gan bréagnú a dhéanamh orthu de dhíobháil na Franaise scríofa.

Sa chás sin, bhí mé féin i láthair ag díospóireacht ina rabhtas ag maíomh as feabhas leaganacha áirithe thar a chéile den amhrán *Loch na Ní*, arís síocair go raibh an fríoch agus an scéal bun os cionn leis an dóigh a raibh sé ag cur de na daoine sa chomhlúadar. Is amhrán é seo de chuid an traidisiúin bheili cuid mhair a cumadh, b'fhéidir, sa naoú haois déag i bpobal Lorrnas Aintheach. Deirtear gurb é an file Micheál Mharcais Ó Cualáin, a fuair bás i dtrátha na bliana 1848 (Ó Ceannabháin 2010, 159) a chum é (Mac Con Tomaire 1999, 27-9). Ní hé bunscéal an amhráin féin is cás íom anseo, ach an argóint agus an tsáraíocht a spreag maínteacha na bhfocal, beag beann ar an tuiscint a mhúineas léann an bhéaloídis, go bhfuil gach leagan ar comhcheim. Bhí leagan as Cois Fharraige agus leagan as Lorrnas Aintheach i gceist. Bhí an dá leagan ar comhcheim ina ndúchí féin, raibh istigh de phobail éisteacha ar leith, ach an dá luas agus a rinneadh teagmháil leis an dara cóiritú ar an amhrán, bhí an chaibidil ar obair! Tá sampla eile den díospóireacht sin le fáil sa bhailiúchán iontach an-bhréa sin atá curtha in eagar ag Ríonach Uí Ógáin (1999). Ba ó Bheartle Rua Ó Flaitheartaigh (1863-1938) a fuair thas formhór na n-amhrán sa chnuasach seo. Tá an cuntas seo ag Máirtín Ó Cadhain roimh an amhrán, *An Droighneán Donn*:

## CEOL AGUS AMHRÁNAÍOCHT

Léigh mé trí nó ceathair de cheathrúnaí den leagan atá ar an amhrán seo in *Amhrán Chlainne Gaedheal* do Bheartle Rua, ach níor lig sé thairis sin mé. 'Ná bac leis', a deir sé. 'Fág mar sin é. Focal ó gach uile amhrán atá ann. Níl cuma ar bith air.' Chuatamar ariamh go raibh cheithre ceathrúnaí fichead sa 'Droighneán Donn', ach is é barrúil Bheartle nach raibh, go raibh gach uile dhuine ag cur a cheathrú féin leis (ní Ógáin 1999, 70).

Duine a raibh aithne bheag agam féin air, Séamus Ó Mianáin, nó Jimí Shéamais Bháin (1897-1991), lena ainm áitiúil i dTorraig a thabhairt air, bhíodh sé ag síorghearán fá leaganacha na n-amhrán a chluineadh sé ar Raidió na Gaeltachta, ar an ábhar nárbh ionann iad agus a chuid féin na leaganacha logánta, áitiúla a chuala sé ag a mhuintir i dTorraig ina óige, agus a chleacht agus a chaomhnáigh sé féin i rith a shaoil ina dhiaidh sin. Deir a mhuintir go fóill faoi, 'Cha raibh aon amhrán i bhFianntaíocht nach raibh aige'. Chuairgh mé chuige lá go teach a neachta, Sorcha Uí Bhaoil, i Meán Fómhair 1984 a thairfeadh amhrán uaidh. Bhí sé seacht mbliana is ceithre scór san am agus é measartha boathar, ach d'éirigh leis dhá amhrán déag a thairfeadh domh mar sin féin. Ó am go ham, de dhíobháil a aoise, sliam, d'éiríodh sé meascha i bhfocail na n-amhrán nó in ord na véarsaí. Cheartaíodh a neacht é sa chás sin, á rá go raibh an t-amhrán cíotach aige, an bhail chéanna a bheireadh seisean uirthise agus ar a macasamhail eile fáda ó shin nuair a bhí sé ina bhláth agus ina neart agus gan iadsan ach ina n-ógánaigh ag foghlaim an chirt. Is cleachtas é sin a bhíodh de shíor ar siúl ag damhsaí móra Thorai, dá gcuirfí ord véarsaí as ríocht nó dá bhfágfaí cuid acu ar lár, nó arís, dá rachfaí ar seachrán sna focail. I gcás amhrán Bheartla, bhí ag lochtú na gramadaí iontu. An breithúnas is grinne a chuala mé sa chás seo, b'fhéidir, ba faoi John Tom Ó Mianáin (1889-1967) é, fear a bhí ina sméar mhulláigh ar amhránaíthe Thorai lena linn. Dúradh faoi mar ráiteas ardmholach ar a chumas amhránaíochta, '*Phronnucallfádh sé na focla go maith!*' (Ó Laoire 2002, 115).

Is cuid é sin den rud ar bhaist Alan Dundes 'léirimheastóireacht bheil' air, rud a chuireas ábhar seanchais agus argóna ar fáil do shaineolaíthe amhrán sna pobail sin a mbíonn siad á rá iontu go dtí an lá inniu ar fud Éireann agus Alban. Is cleachtas é a chaitear a fhoghlaim de réir a chéile agus atá an-choinreíteach. Ní de réir phrionsabail theibí a thugtar breith ar an amhránaíocht ach sa seanchas iarchoinne, ag tagairt do láithrith ar leith ó dhaoine ar leith, rud a dhearbhaíonn an seanfhocal 'deireadh gach coirne an cáineadh'. Faighteann an t-amhránaí faoi ollhúint teoracha sa 'cáineadh' den chineál is féidir leis a chur i bhfeidhm ar a iompar féin i leith an dhchais:

For each item of oral literature, there is a variety of oral literary criticism. This is an important point inasmuch as folklorists, despite the fact that they are accustomed to thinking of variation in the texts of folklore, often wrongly assume that there is only one correct meaning or interpretation. There is no one right interpretation of an item of folklore any more than there is but one right version of a game of song. (We must overcome our penchant for monolithic perspectives as exemplified in monotheism, monogamy and the like.) There are multiple meanings and

## LILLIS Ó LAOIRE

interpretations and they all ought to be collected. One could ask ten different informants what each thought a given joke meant and one might obtain ten different answers. It is difficult to determine the gamut of interpretation because there has been comparatively little collection of oral literary criticism (Dundas 2007, 81).

Cé go bhfuil difríochtaí móra idir an cineál seo iompair ar bhealach agus ar chleachtas na litríochta mar a shamlaítear é i pprobail uirbeacha, is é sin, údair aonarachta ag scríobh do léitheoirí aonarachta, tá cosúlachtaí eatarthu fosta, go háirithe ó thaobh na críche de. Tá a chosúlacht sin ar na clubbanna leabhar atá ag teacht chun cinn le blianta beaga i gcathracha ar fíod an domhain thiar — á dhéarbhú go bhfuil tois shóisialta ag baint leis an litríocht. Is dual di go bpleifí í, agus go n-éireodh comhrá agus seanchas dá barr. Tá an téarma *cuma* a luas Beairtle Rua thuas mar easpa ar an leagan a léigh Martin Ó Cadhain as leabhar na Máilleach do thar a bheith tábhachtach sa chás seo fosta, agus a leithbhreac de théarma, *craiceann*, chomh maith. Tá baint acu araon leis na téarmaí eile atá pléite agam thuas, agus go háirithe do choincheap an chirt. Cumisíon gach ceann de na téarmaí sin go léir a chéile i gcrúinneshabhail a eistéitiúil lucht cana amhrán go dtí an lá inniu féin (Feldman 1999).

*Ceart na haimisire seo agus ceart an tsamrúinis - ceangal gan bhriseadh?*

Má tá ceangal le ríomh idir cleachtas na Gaeilchta sa lá atá inniu agus nósmaireachtaí na meánaoiseanna ní ceann soiléir é. Is maith an mhaise dúinn é a bheith amhrasach faoin leanúnachas cothrom, córasach. Is cinnte go dtáinig athruithe móra ar ghnó an chaitheamh aimisire nuair a rinneadh ealaín na cistine, seachas ealaín an tí mhóir de. Ina dhiaidh sin is uile, áfach, níor cheart go ndallfaí sinn ach oiread, le fíosc ár gcuid reibhisineachais, go bhfuil leanúnachas éigin i gceist cé nach dnuigimid go cruinn é. B'ag na filí a bhí smacht ar na healaíona ar feadh na gcianta, agus ní hanháin go raibh cuid mhaith dá gcuid iarrachtaí drithe ar chunadóireacht dánta agus ar chothú na litríochta, ach chomh maith leis sin, ar *aithris* na ndánta seo amach go hard os comhair lucht éisteachta.

Ní miste, go deimhin, cuimhneamh ar an síocht sin as *The Memoirs of the Marguis of Clamricarde* atá luaithe ag Knott (1966, 58; athluaithe in Brearnach 1997, 124 n. 59) faoin chur síos ar láithriú an dána dhírigh:

The Poet himself said nothing, but directed and took care, that every body else did his Part right. The Bards having first had the Composition from him, get it well by heart, and now pronounce 'd it orderly, keeping even Pace with a Harp, touch 'd upon that Occasion; no other musical instrument being allow'd of for the said Purpose than this alone.

Ag léamh an chuntais seo dom, ritheann sé liom go bhfuil an focal *right* ar an chéad téarma a úsáidtear, go díreach mar atá coitianta inniu san amhránaíocht agus, go deimhin, sna healaíona béil eile. Ní dhéantar sainmhíniú beacht ar bith ar a bhfuil i gceist leis mar

## CEOL AGUS AMHRÁNAÍOCHT

théarma mar sin féin, ach a rá, mar a thuigtear de ghnáth, gur aithris de ghlannmheabhair a bhí i gceist agus go raibh luas agus ord áirithe ag baint le fuaimniú na bhfocal, tréithe atá go fóill ina n-ábhar tinnis d'amhránaíthe Gaelacha agus eile, agus, dá lucht éisteachta. Is é sin, gur dóigh liom, d'ainneoin na ndifríochtaí agus na n-athruithe follasacha ar chúrsaí in imeacht na gcéadta bliain — agus ní féidir a mhaíomh gurb ionann cur chuige na haimisire úd agus na comhaimisire — go bhfuil cuid mhaith de na pointí céanna tagartha le feiceáil idir cúinsí agus prionsabail láithrithe sna tréimhsí éagsúla. Cé nach ag plé leis an amhránaíocht atá sé, tá an méid sin léirithe ag Peter McQuillan sa scrúdú atá déanta aige ar théarmaí mar *dúchas* (2004) agus arís ar an téarma *diograis* (2008). Fágann sé sin go bhfuil fairbhe eile ann do lucht taighde, staidéar a dhéanamh ar ghnéithe an láithrithe nó gur féidir léamh a fháil ar a chúinsí míshocra faoi láthair agus fada ó shin.

- Appadurai, Arjun, 1996. *Modernity at large: cultural dimensions of globalisation*. Minneapolis.
- Barber, Karin, 2007. *The anthropology of texts, persons and publics*. Cambridge.
- Barthes, Roland, 1996. 'The grain of the voice' in *The twentieth century performance reader*, ed. Micheal Huxley, Noel Witts. London, 44-52.
- Breatnuaigh, Breandán, 1989. *Ceol agus rince na héireann*. Baile Átha Cliath.
- Breatnuaigh, Pádraig A., 1981. 'A musical link between "dán" and "amhrán"', *Ceol* 4/4, 102-9.
- , 1983. 'Múnlai véarsaíocht rithimúil na Gaeilge' in *Folia Gadélica*, ed. Pádraig de Brún, Seán Ó Coileáin, Pádraig Ó Riain. Corcaigh, 54-71.
- , 1997. *Téamaí taighde Nua-Ghaeilge*. Maigh Nuad.
- Bruford, Alan, 1990. 'Song and recitation in early Ireland', *Celtica* 21, 61-74.
- Buckley, Ann, 1997. 'Music and manners: readings of Medieval Irish literature', *Bullán* 3/1, 33-43.
- Denvir, Gearóid, 2010. *Sé an saol an máistir: filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhíneadhá. Indreabhán*.
- Dundes, Alan, 2007 [1966]. 'Metafolklore and oral literary criticism' in *The meaning of folklore: the analytical essays of Alan Dundes*, ed. Simon J. Bronner. Utah, 77-87.
- Feldman, Allen, 1999. *The northern fiddler: Irish traditional fiddle playing in Donegal and Tyrone*. Dublin.
- Finnegan, Ruth, 1977. *Oral poetry: its nature, significance and social context*. Cambridge.
- Freeman, A. Martin, 1920-1. 'Irish folk songs', *Journal of the Folk-Song Society* 6, 95-342.
- Knott, Eleanor, 1966. *Irish classical poetry*. Dublin.
- Lord, Albert, 1960. *The singer of tales*. Cambridge, Massachusetts.
- Mac Con Iomaire, Liam, 1999. 'Deora Aille — Máire Áine Ní Dhonnchadhá agus a cuid amhrán', *Leachtaí Cholm Cille* XXIX, 7-36.
- Mac Donnchadhá, Máirtín, 2001. 'Amhrán na Trí Báine' in *Bliainiris 2001*, ed. Liam Mac Cúil, Ruairí Ó hUiginn. Maigh Nuad, 104-27.
- Mac Giollaíráth, Seán, 1944. *Peadar Chois Fhairrige: sgeúlha nua agus seansgeúlha*. Baile Átha Cliath.
- MacInnes, John, 1986-7. 'Twentieth-century recordings of Scottish Gaelic heroic ballads', *Béaloides* 54-5, 101-30.
- McKean, Thomas, 1997. *Hebridean song-maker: Iain Mac Neacail of the Isle of Skye*. Dùn Eideann.
- McQuillan, Peter, 2004. *Native and natural: aspects of the concepts of right and freedom in Irish*. Cork.
- , 2008. 'Diograis in "Aisling Aogáin Uí Rathaille"', *Eighteenth-Century Ireland*. *Iris an da chultúr* 23, 121-41.
- Miles Foley, John, 2002. *How to read an oral poem*. Urbana.
- Ní Dhonnchadhá, Máire Áine, 1970. *Deora Aille*, ACC6. Baile Átha Cliath.
- Ní Mhuinghaile, Lésa, 2007. 'Carolan's verse' in *Amhrán Cearbhallaín / The poems of Carolan: reassessments*, ed. Liam P. O Murchú. Irish Texts Society Subsidiary Series 18, 43-64.
- Ní Uallacháin, Pádraigín, 2003. *A hidden Ulster: people, songs and traditions of Ortel*. Dublin.
- Ní Úrdail, Meidhbhín, 2011. *Cath Chuana Tarbh. 'The Battle of Clontarf'*. Irish Texts Society LXIV. London.
- Ó Buachalla, Breandán, 1998. *An caoine agus an chaointeoiracht*. Baile Átha Cliath.
- Ó Cadhla, Stiofán, 2011. *An tsíol feitheoige: ealdiona an díchais 1800-2000*. Indreabhán.
- Ó Canáin, Tomás, 1978. *Traditional music in Ireland*. London.
- Ó Ceannabháin, Peadar, 1997. *Mó chuid den saol: traditional songs from Connemara*, CICD 131. Indreabhán.
- , 2010. 'An samhradh sa bhfuacht idir Nollaig is Cásce: spleachadh ar fhilíthe in Iorras Aithneach san 19ú Céad', *Bliainiris* 10, 147-68.
- Ó Conaire, Breandán 1986. *Language lore and lyrics: essays and lectures*. Dublin.
- Ó Crualaíoch, Gearóid, 1989. 'Láiríocht na Gaeilchár: seoladh síteach ar pheirspictíocht ó thaobh na litríochta béil', *Leachtaí Cholm Cille* XIX, 8-25.
- Ó Fíannachta Pádraig, 1976. 'An ceol sa tseanlitríocht. *Leachtaí Cholm Cille* VI, 5-20.
- Ó Háinle, Cathal, 1985. 'Tomás Ó Críomhthain agus "Caisleán Uí Néill"', *Irisleabhar Mhá Nuad*, 84-109.
- , 2008. 'Tomás Ó Críomhthain: "Caisleán Uí Néill"' in Cathal Ó Háinle, *Scáthanna*. Baile Átha Cliath, 86-108.
- Ó hÓgáin, Daithí, 1981. *An file: staidéar ar osnádúiríocht na filíochta sa traidisiún Gaelach*. Baile Átha Cliath.
- , 2006. *The lore of Ireland: an encyclopedia of myth, legend and romance*. Cork.
- Ó hUiginn, Ruairí, 1999. 'Focal ón bhfear eagar', *Leachtaí Cholm Cille* XXIX, 5.
- Ó Laoire, Lillis, 1999. "'Mura gclúidínn mo chluasa ...": Gnéithe de phróiseas seachadh na n-amhrán i dToraigh', *Leachtaí Cholm Cille* XXIX, 67-108.
- , 2002. *Ar chreag i lár na farráige: amhrán agus amhránaithe i dToraigh*. Indreabhán.
- Ó Madagáin, Breandán, 1978. 'Ceol an chaointe' in *Gnéithe den chaointeoiracht*, ed. Breandán Ó Madagáin. Baile Átha Cliath, 30-52.
- , 1981. 'Irish vocal music of lament and syllabic verse' in *The Celtic consciousness*, ed. Robert O'Driscoll. Toronto, 311-32.
- , 2000. 'Coibneas na filíochta leis an gceol, 1700-1900' in *Saol na héigse: aistriú in ómós do Sheán Ó Tuama*, ed. Pádraigín Ríggis, Breandán Ó Conchúir, Seán Ó Coileáin. Baile Átha Cliath, 83-104.
- , 2005. *Caoine agus seanchéolta eile: Keening and other old Irish musics*. Indreabhán.
- Ó Máille, Mícheal, Tomás Ó Máille, 1991. *Amhrán chlaime Gael*. Indreabhán (an chéad eagrán, Baile Átha Cliath 1905).
- Ó Súilleabháin, Diarmuid, 1995. *Bríach na Carráige Báine*, CICD 115. Indreabhán.
- Ong, Walter, 1982. *Orality and literacy: the technologizing of the world*. London.
- Ross, James, 1959. 'Formulaic composition in Gaelic oral tradition', *Modern Philology*, 57, 1-12.

- Shaw, John, 1992-3: 'Language, music and local aesthetics. Views from Gaeldom and beyond', *Scottish Language* 3, 37-61.
- Shields, Hugh, 1993: *Narrative singing in Ireland: lays, ballads, come all-yes and other songs*. Dublin.
- Shields, Hugh, Douglas Sealy, Cathal Goan, 1985: *Seálanhráin Cheiteachta*. Baile Átha Cliath.
- uí Ógáin, Ríomach, 1999: *Fcaoi rothai na gréine: amhráin as Conamara a bhailigh Máirín Ó Catháin*. Baile Átha Cliath.
- Whelan, Kevin, 1993: 'The bases of regionalism' in *Culture in Ireland: regions, identity and power*, eag. Proinsias Ó Drisceoil. Belfast. 5-63.
- Williams, Sean, Lillis Ó Laoire, 2011: *Bright star of the West: Joe Heaney, Irish song man*. New York.
- Zumthor, Paul, 1990: *Oral poetry: an introduction*. Minneapolis.

AISTE NA hIARTHAR: AN DÁN AGUS MAR A THÁINIG SÉ ANUAS<sup>1</sup>

SEÁN Ó DUINNShLEIBHE

## Réamhfhocal

Luann Kerby Miller ina sheathar *Emigrants and exiles: Ireland and the Irish exodus to North America* (1985, 193) conas mar d'fíneadh idir 800,000 agus milliún Éireannach go Meiriceá Thuaisithe idir dheireadh chogai Napoleon agus tosach an Ghorta Mhór. Dar leis go raibh a lán acusan ag teitheadh lena n-anam ó thiamai neamhrocaireacha talún; an taos leis an oigheann i gcónaí acu in Éirinn agus iad go minic i mbaol a geurtha amach. I rith na tréimhse seo — sa bhliain 1826, is é is dóichí — is ea a d'fhág Pádraig Phiarais Cúndún (1777-1857) a áit dhúchais ar an tSeanchóill, in aice le Baile Mhac Oda, in oirthear Chorcaí chun dul go dtí an Oiléan Úr. Caitheann Miller mar thuarim gur thug an Cúndúnach a aghaidh ar Mheiriceá maraon lena bhean agus a chlann 'bhog óg' d'fhonn a leitheid de chinnúint a sheachaint i bhfaid na hainisire (1985, 216). Is díol spéise é sa treo seo go luann an file ó ann go cheile ina chuid litreacha an t-anró a d'fhulaing sclábhaithe talún in Éirinn agus tráchtann sé go somrach ar dhanarthacht na dtiamai a bhí os a geiomn.<sup>2</sup> Ghabh muintir Cúndúin cuan is calafort ag Quebec agus chuardar as sin go Stát Nua Eabhrac, mar a raibh rompu clann dearthár aihar an fhille. Tar éis do Phádraig Phiarais tamall a thabhairt ag obair ar chanáil Erie, lonnainn sé féin, a bhean is a mhúirear ar fheirm i 'Deerfield' (nó Machaire an Fhia, mar ba ghnách leis an gCúndúnach a thabhairt ar an mball), láimh le cathair Urica. Go bhfios dúinn, is san áit sin a d'fhan sé nó gur éag i mí na Máirta 1857. Ní móide go mbeadh an oiread céanna clú air inniu murach na litreacha Gaelige agus na haistí fhíochta a sheol sé abhaile ó Mheiriceá go dtí cainde agus daoine muinteartha leis timpeall Bhaile Mhic Óda agus Eochaille idir na blianta 1834 agus 1856. Amach ón obair a dhein Risteárd Ó Foghludha ar *oeuvre* an Chúndúnaigh, ní puinn taighde eile déanta ar an ábhar ó shin.<sup>3</sup> is mó ná sin de thrua é toise gur thráchteaire inspéise ar imeachtaí sa dá thír ba ea é. Teist na soiléire atá ar a chuid próis: mhól Fiachra Éilgeach agus Tomás de Bhaldráithe araon litreacha áirithe de chuid Phádraig Phiarais as an stíl

<sup>1</sup> Ba mhainn liom mo bhuiochas a chur in úil do na daoine seo a leanas a chuir tagairt faoi mo bhráid nó neachtar acu a thug cabhair eile dom leis an áit: Neil Buttner, Pádraig de Brún, Richard S. Harrison, Breandan Ó Conchúir agus Seán Ua Súilleabháin. Táim ar-bhuíoch de Chiarán Ó Geallbháin a léigh dtéacht dom agus a shábháil ar mhórán dearmad é. Tá focal ar leith buíochais ag dul do Mheidhbhin Ní Urdáin a léigh an t-áit agus a dhein moltaí faibhreacha.

<sup>2</sup> Féic, mar shampla, na litreacha dar dáta 17 Nollaig 1834 agus 27 Bealtaine 1848 a sheol sé go dtí Partholán Suipéal agus Tomás Ó Briain, faoi seach. Tá plé níos minic léanta again in áit eile (Ó Duinnshléibhe, le teacht) ar na cúiseanna a thug ar an gCúndúnach a bhaile a fhágáil.

<sup>3</sup> Tá eolas le fáil ar an gCúndúnach ehomal muinte le beolas ar na litreacha siná hálleana seo a leanas: Ó Foghludha (1932, vii-xxiv; 1933a, 7; 1945a, 136-44 [136]; 1945b, 33); Ó Conchúir (1982, 6-8) fana Ní Mhurchú, Breathnach (1999, 35-6).